

# Modúl 9

# Sráid-dreach

*Tarraing foirgnimh agus foghlaim fúthu*

## Comhtháthú agus Nascadh Curaclaim

*Féach Treoirlínte an Mhúinteora (as Béarla amháin) le breis eolas a fháil*

## OSIE Stair

### RANGANNA NAÍONÁN

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta

### RANG 1 & 2

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta

SNÁITHE: Athrú agus leanúnachas
- Snáithaonad: Leanúnachas agus athrú sa gharthimpeallacht

### RANG 3 & 4

SNÁITHE: Staidéir Áitiúla
- Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
- Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
- Snáithaonad: Áitribh agus tithe
- Snáithaonad: Siopaí agus aontaí

SNÁITHE: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart
- Snáithaonad: An saol san ochtú haois déag
- Snáithaonad: An saol sa naoú haois déag
- Snáithaonad: An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith

### RANG 5 & 6

SNÁITHE: Staidéir Áitiúla
- Snáithaonad: Áitribh
- Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
- Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart
- Snáithaonad: Miotais agus finscéalta

SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
- Snáithaonad: Áitribh, forbairtí tithíochta agus uirbeacha
- Snáithaonad: Siopaí, ceardlanna agus monarchana

SNÁITHE: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart
- Snáithaonad: An saol san ochtú haois déag
- Snáithaonad: An saol sa naoú haois déag
- Snáithaonad: An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith

## NASCADH




**OSIE Tíreolaíocht**
- Imshaoil dhaonna
- Feasacht agus cúram imshaoil



**OSIE Eolaíocht**
- Ábhar
- Feasacht agus cúram imshaoil

## COMHTHÁTHÚ



**Matamaitic**
- Cruth agus spás
- Tomhais



**Na hAmharcealaíona**
- Péint agus dath
- Líníocht
- Tógáil



**OSPS**
- Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta



**OSPS**
- Mise agus an domhan mór



**Gaeilge**
- Éisteacht
- Labhairt
- Scríbhneoireacht
- Léitheoireacht




**English**
- Receptiveness to language
- Competence and confidence
- Developing cognitive abilities through language
- Emotional and imaginative development through language

*"Thaitín an sráid-dreach go mór liom mar is breá liom pictiúir a tharraingt agus a phéinteáil."*

*Dalta Rang 5*







## CUSPÓIR

Gheobhaidh na daltaí tuiscint don timpeallacht foirgnithe trí eolas a chlárú ar shráid-dreach.

## AOISGHRÚPA

Tá an modúl seo oiriúnach do gach rang leibhéal.
Chun an modúl a láimhseáil i gceart do gach aoisghrúpa, féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla amháin).

## ÁBHAIR AGUS FEARAS

- Peann luaidhe agus scriosán
- Clár fáiscthe
- Leathanach bán

  — Do gach dalta

- Péinteanna agus scuabanna
- Rolla ballapháipéir
- Gliú

## ULLMHÚCHÁN

Beidh treoir ag teastáil ó na páistí maidir le conas foirgnimh a tharraingt.
Ba chóir go mbeadh tuairim ghinearálta ag na daltaí faoi cad a bheadh le feiceáil ar ghnáthshráid-dreach.







# Tosaímis!


## Suíomh a chruthú

Bíonn patrún ar leith ag gach sráid-dreach ag brath ar chruth, ar mhéid agus ar dhathanna na bhfoirgneamh. Gheobhaidh na páistí tuiscint níos fearr ar a bhfuil á tharraingt acu má sheasann siad siar agus má bhreathnaíonn siad ar na foirgnimh. (féach Treoirlínte an Mhúinteora atá ar fáil as Béarla).

## An Ghníomhaíocht

- Téigh amach ar an tsráid leis na daltaí agus iarr ar gach dalta foirgneamh ar leith sa sráid-dreach a tharraingt.
- Cinntigh an t-ord ina bhfuil na foirgnimh ar an tsráid mar go gcuirfear na pictiúir taobh le taobh níos déanaí.
- Má bhíonn bearna nó bealach áirseach idir na foirgnimh caithfear é sin atá a thógáil san áireamh. Is féidir é a tharraingt ar thaobh foirgnimh eile nó é a tharraingt leis féin.
- Bíodh go leor leathanach lom ann ionas gur féidir le dalta ar bith nach bhfuil sásta lena c(h)éad iarrachta é a tharraingt arís.
- Déan cinnte go bhfuil sonraí tábhachta na bhfoirgneamh (dath srl) tugtha faoi deara ag na daltaí.

**Nod:** I suíomh tuaithe d'fhéadfá pictiúir a bhailiú de ghnéithe suimiúla cosúil le seantithe, eastáit, geataí agus piaraí, seanmheasainí feirme srl. (féach Modúl12).



## Ghníomhaíocht Dheiridh

- Iarr ar na páistí na léaráidí a phéinteáil, sa seomra ranga, ag úsáid dathanna oiriúnacha. Dathaigh an ghloine sna fuinneoga dubh agus déan iarracht gan dathanna róláidir a úsáid do na foirgnimh.
- Gearr amach gach pictiúr agus greamaigh in ord iad ar thaobh glan píosa ballaphaipéir. Is féidir an pictiúr mór a chur ar taispeáint in áit oiriúnach. (balla an tseomra ranga mar shampla)
- Tabhair seans do na páistí an sráid-dreach a chruthaigh siad a phlé, ag díriú isteach ar chruth agus ar fheidhm gach foirgneamh. Is féidir é seo a cheangal leis an *'Taifead ar Fhoirgneamh' (Modúl 7)*.

## Naisc Ghréasáin

*Ailtireacht do pháistí*
**www.loggia.com/designarts/architecture/kids.html**


### Tearmaí

- Sráid-dreach
- Aghaidh siopa
- Bealach áirseach

### Teacher's Log

*"D'oscail an ceacht seo súile na ndaltaí maidir leis na foirgnimh a bhí ina mbaile féin."*

*Múinteoir Rang 4*




O SHEA
SADDLER
GROCER
BARRY